**FAOI RÚN**

55956

**AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH**
Oifig Seachadta Dheisceart na Cathrach
BOSCA POIST 13146
CORCAIGH

*Bain úsáid as an uimhir thagartha in aon chomhfhreagras*

**Fiosruithe chuig:**
ÍosGhlao 1890 924 990
nó 021 453 5364

# Áireamh Talmhaíochta - Meán Fómhair 2020

An cuspóir atá leis an Áireamh Talmhaíochta 2020 ná staitisticí a thiomsú maidir le struchtúr na ngabháltas talmhaíochta go léir faoi mar a bhí an 1 Meán Fómhair 2020. Tá na sonraí de dhíth chun freastal ar riachtanais náisiúnta agus AE do staitisticí rialta i dtaca le gníomhaíocht talmhaíochta. Mar sin, tá ceistneoir Áirimh á sheoladh chuig na gabháltais talmhaíochta go léir le líonadh isteach.

Tá dualgas ort an ceistneoir seo a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais chugainn faoi fhorálacha an Ordú Staidrimh (Áireamh Talmhaíochta) 2020 (I.R. Uimh. 281 de 2020), arna dhéanamh faoin Acht Staidrimh, 1993.

Caithfear leis an bhfaisnéis a sholáthróidh tú ar an gceistneoir seo mar eolas atá faoi rún daingean agus ní úsáidfear í ach chun críocha staidrimh amháin.

Ba chóir an ceistneoir comhlánaithe a chur ar ais **faoi cheann coicíse** ag baint úsáide as an gclúdach saorphoist iniata. Má tá aon athruithe nó ceartúcháin ar na sonraí teagmhála thuas, déan iad a leasú mar is cuí.

Tá Áireamh Talmhaíochta 2020 faoi réir ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus an Acht um Chosaint Sonraí 2018. Deartar suirbhéanna uile na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) chun cloí leis an dlí infheidhme. Maidir le cearta áirithe RGCS, go háirithe i dtaca le rochtain, ceartú, scrios, srian ar phróiseáil agus an ceart cur i gcoinne próiseála, féadfar srian a chur orthu go dlíthiúil, ag teacht le hAlt 89 den RGCS.

Má tá tuilleadh eolais uait nó más rud é gur mhaith leat an t-eolas a thabhairt ar an bhfón déan teagmháil leis an Oifig ar:

ÍosGhlao: 1890 924 990 R-phost: agri@cso.ie

**Léigh an leabhrán eolais a ghabhann leis seo agus an ceistneoir seo á líonadh isteach agat.**

Pádraig Dalton
Ard-Stiúrthóir

## Gníomhaíocht Talmhaíochta

An bhfuil an duine thuasluaite páirteach i bhfeirmeoireacht? *(cuir **X** leis)* Tá ☐ Níl ☐

Má **Tá**, cuir d'Uimhir Tréada leis agus líon isteach lgh 2 go 4.

Uimhir Tréada Reatha ☐☐☐☐☐☐☐☐ Uimhir Tréada Roimhe (más ábhartha) ☐☐☐☐☐☐☐☐

Más **Níl** a d'fhreagair tú, cuir **X** de réir mar is ábhartha thíos agus sínigh an dearbhú ar lch 4.

An bhfuil an talamh...? Aistrithe ☐ Díolta ☐ Ligthe amach ar cíos ☐ Díomhaoin go sealadach ☐

An bhfuil an sealbhóir imithe ar scor ón bhfeirmeoireacht? Tá ☐ Níl ☐

Úsáid oifige amháin ☐

PR 600792 Census of Ag 2020 form irish

## Treoirlínte chun Ceistneoir an Áireamh Talmhaíochta Meán Fómhair 2020 a líonadh isteach

Déanfar an ceistneoir seo a scanadh go leictreonach. D'fhonn na torthaí is fearr a fháil ón bpróiseas scanta, lean na treoracha seo a leanas:

- Scríobh go soiléir le dúch dubh nó gorm.
- Cuir litir nó uimhir amháin i ngach bosca.
- Más cóir go mbeadh bosca folamh, **ná líon é** le náideanna nó deaiseanna.
- **Ná cuir camóga, pointí deachúlacha nó téacs sna boscaí.**

| DÉAN | NÁ DÉAN |
|---|---|
| **Líon** isteach na boscaí uimhreacha mar seo *(má bhaineann)*: [ ][ ][3][4] | **Ná líon** isteach na boscaí mar seo |
| Más rud é nach bhfuil aon rud le cur isteach, fág folamh. [ ][ ][ ][ ] | [D][A][D][A] |

Cuir **X** go soiléir i mboscaí má bhaineann, **Tá** ☒ **Níl** ☐ mura mbaineann, fág folamh iad. **Tá** ☐ **Níl** ☐

## Roinn 1: Bainistíocht Feirme & Éagsúlú

### 1a. Maidir le d'Fheirm *(roghnaigh bosca amháin)*

An **tusa amháin** atá freagrach aisti? ☐

An bhfuil sí i **gComhpháirtíocht Feirme** Chláraithe? ☐

An bhfuil sí i **gComhpháirtíocht Feirme** Neamhchláraithe? ☐

An **Eintiteas Dlíthiúil** í? (m.sh. cuideachta theoranta, foras oideachais, srl.) ☐

### 1b. Bainistíocht na Feirme *(roghnaigh bosca amháin)*

Cé a bhainistíonn an fheirm? *(.i. an **BAINISTEOIR** atá freagrach as rith na feirme ó lá go lá)*

Tusa, an sealbhóir ☐

Do chéile / páirtí sibhialta ☐

Duine de do theaghlach ☐

Duine eile ☐

Cén bhliain a ghlac an bainisteoir a ról? [ ][ ][ ][ ] Bliain

### 1c. Oiliúint Talmhaíochta *(cuir **X** le gach a bhaineann)*

Luaigh leibhéal na hoiliúna talmhaíochta atá ag an **mBAINISTEOIR** mar a aithnítear i **gceist 1b thuas**.

| | | Ar cuireadh an cúrsa seo i gcrích le 12 mhí anuas? *(**X** más ea)* |
|---|---|---|
| Taithí **Phraiticiúil** amháin | ☐ | |
| Cúrsa Talmhaíochta a mhair níos lú ná 60 uair an chloig | ☐ | ☐ |
| Cúrsa Talmhaíochta Foirmiúil lánaimseartha nó páirtaimseartha a mhair 60 uair an chloig nó níos mó | ☐ | ☐ |
| Teastas san Fheirmeoireacht nó Printíseacht Feirme faoi scéim fhoirmiúil | ☐ | ☐ |
| Cúrsa Talmhaíochta tríú leibhéal lánaimseartha a mhair dhá bhliain ar a laghad | ☐ | ☐ |

55956

## Roinn 2: Beostoc agus Éanlaith Chlóis i seilbh an 1 Meán Fómhair 2020

Baineann an roinn seo le beostoc agus éanlaith chlóis a raibh seilbh agat orthu an 1 Meán Fómhair 2020, lena n-áirítear beostoc ag innilt ar Choimíneacht nó talamh ar cíos.

55956

### 2a. Iomlán Eallaigh *(Liostaigh uimhreacha tréada thíos agus líon na mbeithíoch a ghabhann le gach ceann.)* ○

| | | | Líon na mBeithíoch | Líon na mBó Bainne le Crú |
|---|---|---|---|---|
| Uimhir Tréada Reatha | ☐☐☐☐☐☐☐☐ | → | ☐☐☐☐ | ☐☐☐☐ |
| 2ú hUimhir Tréada | ☐☐☐☐☐☐☐☐ | → | ☐☐☐☐ | ☐☐☐☐ |

### 2b. Caoirigh ○

**Tréad Pórúcháin** — Líon

- (a) Reithí ☐☐☐☐
- (b) Caoirigh
  - (i) 2 bhliain agus níos sine ☐☐☐☐
  - (ii) Faoi bhun 2 bhliain ☐☐☐☐

**Caoirigh Eile**
*(.i. seachas tréad pórúcháin)* — Líon

- (c) 1 bhliain agus níos sine ☐☐☐☐
- (d) Faoi bhun 1 bhliain lena n-áirítear uain ☐☐☐☐

**IOMLÁN NA gCAORACH** ☐☐☐☐
***(áirigh na Caoirigh agus Uain go léir)***

### 2c. Gabhair ○

| | Líon | | Líon |
|---|---|---|---|
| Baineannaigh Pórúcháin | ☐☐☐☐ | Gabhair eile | ☐☐☐☐ |

### 2d. Éanlaith Chlóis ○

**Gnáth-éanlaith** — Líon
Líon

- Stoc ag breith *(.i. ag táirgeadh uibheacha le hithe ag daoine)* ☐☐☐☐☐☐
- Éin pórúcháin *(.i. ag táirgeadh uibheacha le gor)* ☐☐☐☐☐☐
- Éin tábla *(cuir gríoscacháin san áireamh)* ☐☐☐☐☐☐

**Turcaithe**

- Turcaithe tábla ☐☐☐☐☐☐
- Turcaithe pórúcháin *(.i. ag táirgeadh uibheacha le gor)* ☐☐☐☐☐☐

**Éanlaith eile** — Líon

- Géanna ☐☐☐☐☐☐
- Lachain ☐☐☐☐☐☐
- Eile *(m.sh. Ostraisí, Piasúin agus Gearga)* ☐☐☐☐☐☐

### 2e. Muca ○

- Uimhir Tréada Muc Reatha Z☐☐☐☐
- 2ú hUimhir Tréada Muc Z☐☐☐☐

Líon

- Toirc pórúcháin ☐☐☐☐☐☐
- Cránacha muice pórúcháin ☐☐☐☐☐☐
- Bainbh *(faoi bhun 20kg (45lb) beomheáchan)* ☐☐☐☐☐☐
- Muca eile ☐☐☐☐☐☐

### 2f. Beostoc eile ○

**Capaill Folaíochta** — Líon

- Láracha Síolraithe ☐☐☐
- Eile *(.i. capaill folaíochta eile ar fad)* ☐☐☐

**Capaill agus Capaillíní Eile**

- Láracha Síolraithe ☐☐☐
- Eile *(.i. capaill agus capaillíní eile ar fad)* ☐☐☐

Líon

- **Miúileanna, Asail agus Láracha Asail** ☐☐☐
- **Fianna** ☐☐☐
- **Eile** ☐☐☐

## Roinn 3: Úsáid Talún

An dtabharfar na hachair talún anseo thíos in **Heicteáir** ☐ nó **Acraí** ☐

*(Cuir **X** sa bhosca cuí thuas agus úsáid an t-aonad tomhais seo i ngach roinn ábhartha eile.)*

### 3a. Achar á Shaothrú an 1 Meán Fómhair 2020 *(fág amach Coimíneacht i ngach cás)*

| | | Achar |
|---|---|---|
| 1. **Achar iomlán i seilbh** *(**cuir san áireamh** talamh coillte agus talamh neamh-thalmhaíochta)* | | |
| 2. Talamh **faighte isteach** ar cíos | + | |
| 3. Talamh **ligthe amach** ar cíos | – | |
| 4. Talamh faoi choillte agus foraoiseacht | – | |
| 5. Talamh talmhaíochta nach bhfuil in úsáid *(**cuir san áireamh** talamh féaraigh gharbh nach bhfuil in úsáid)* | – | |
| 6. Talamh neamh-thalmhaíochta *(**cuir san áireamh** achar faoi chlóis feirme, foirgnimh feirme, bóithre, portach, uisce, srl.)* | – | |
| 7. **IOMLÁN** *(Iomlán na míreanna **1** agus **2** thuas, lúide na míreanna **3, 4, 5** agus **6**)* | = | |

### 3b. Talamh Féaraigh an 1 Meán Fómhair 2020 – Achar Bunúsach

| | Sadhlas | Féar | Féarach |
|---|---|---|---|
| (a) Talamh Féarach Sealadach *(curtha in **2016** nó blianta níos déanaí)* | | | |
| (b) Talamh Féarach Buan *(curtha **roimh 2016**)* | | | |

(c) Talamh Féarach Garbh *(talamh féarach nach bhfeabhsaítear le leasú, saothrú, athshíolú nó draenáil)*

## Roinn 4: Ualach Freagartha a Thomhas

D'fhonn tomhas a dhéanamh ar an ualach a bhíonn ar fhreagróirí suirbhéanna CSO a líonadh isteach, abair, go garbh, cá mhéad nóiméad a thóg sé ort an ceistneoir seo a líonadh isteach.

## Roinn 5: Dearbhú

**Dearbhaím go bhfuil an t-eolas atá tugtha ar an bhfoirm seo ceart, chomh fada agus is eol dom.**

Síniú *(Coinnigh laistigh den bhosca bán)*

Dáta: Lá __ / Mí __ / Bliain 2020

Uimhir teagmhála fóin i rith an lae

Éirchód

R-phost

55956

**Go raibh maith agat as an t-am a ghlacadh leis an suirbhé seo a fhreagairt**